

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC**

**Scoil an Duinnínigh
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Uimhir rolla: 19898 K**

Dáta na cigireachta: 16 Nollaig 2010



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

1. Réamhrá

Is scoil lán-Ghaeilge í Scoil an Duinnínigh a bunaíodh de bharr éilimh ó thuismitheoirí an cheantair ar oideachas tré mheán na Gaeilge a chur ar fail dá gcuid páistí. Tá an scoil lonnaithe faoi láthair i seomraí réamhdhéanta lámh le baile Shoird. Ta scoil úr á togáil agus is gearr go mbeidh an foirgneamh sin in úsáid mar láthair scoile. Tagann formhór na bpáistí ó theaghlaigh sa cheantar agus, cé gur beag páiste a thógtar le Gaeilge, tugtar an-tacaíocht don Ghaeilge agus don Ghaeloideachas. Le dian-spreagadh an phríomhoide ach go h-áirithe, tá an oidhreacht Ghaelach tugtha léi ag an scoil. Tá an Ceol fite fuaite le himeachtaí uile na scoile. Tá comhbhá feiceálach agus meas ar a chéile le sonrú i dtimpeallacht dhaonna na scoile. Tá an teagmháil le thuismitheoirí aitheanta mar chuid rí-thabhachtach den phróiseas cumarsáide: léiríonn freagraí ar cheistneoirí agus agallamh le líon beag thuismitheoirí go bhfuil siad an-sásta leis an scoil.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tá díogras na hoibre le sonrú i ngach gné d'obair na scoile; tá ról tabhachtach á imirt ag an bpríomhoide chuige seo.
- Gabhann ord breá le hobair an bhoird: baineann cinnteacht bhreá agus ard-chaighdeán leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i gcoitinne.
- Tá caighdeán ard bainte amach ag mórán daltaí i ngnéithe suntasacha den Ghaeilge agus i ngach mír den Bhéarla.
- Ta gaol láidir, dearfach cothaithe idir an scoil agus an pobal

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar plean stráitéiseach a leagan amach d'fhonn tabhairt faoi chaighdeán scríbhneoireachta na ndaltaí sa Ghaeilge a ardú a thuilleadh fós.
- Ainneoin go bhfacthas dea-theagasc agus rannpháirtíocht bhreá sa Mhatamaitic, moltar aird sa bhreis a dhíriú ar ghnóthachtáil san ábhar seo.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá Bord Bainistíochta i bhfeidhm faoi rialacha na Roinne Oideachais. Feidhmíonn na baill go coinsiasach d'fhonn a chinntiú go bhfuil oideachas leathan, éifeachtach á chur ar fáil. Tá ard-chaighdeán agus soiléireacht bhreá ag baint leis na cuntais airgeadais.
- Tá polasaithe reachtúla, curaclaim, tréadchúraim agus polasaithe maidir le riarachán faofa ag an mbord agus á gcur i bhfeidhm go rialta agus ar dhóigh éifeachtach.
- Tá dea-chaidreamh agus suim i bhforbairt scoile le mothú i measc bhaill na foirne. Oibríonn an príomhoide go dian ar mhaithe le forbairt na scoile. Tá na postanna freagrachta roinnte go hoiriúnach, ach moltar go mbeadh cúram oideachais speisialta ag ball den fhoireann bhainistíochta in-scoile.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Déantar an phleanáil ar bhonn comhoibritheach uile scoile agus leagtar síos spriocanna sainiúla le móraidhmeanna an phlean a chur i gcrích.
- Leagann gach oide plean oibre fadtréimhseach amach dá rang faoi na snáitheanna agus snáthaonaid atá sa churaclam. Sa phleanáil ghearrthéarmach moltar an cur chuige céanna a úsáid agus moltar soláthar níos cuimsithí a dhéanamh do dhifríochtaí i gcumais agus i stíleanna foghlama na bpáistí. Coimeádann gach oide cuntas go míosúil ar dhul chun cinn na hoibre. Moltar teimpléid scoile a fhorbairt ina soiléireofaí an obair atá déanta agus ina leagfaí béim ar na scileanna agus na coincheapa atá foghlamtha ag daltaí.
- Tá féin-mheastóireacht ar siúl ar bhonn neamhfhoirmealta faoina bhfuil bainte amach agus faoina bhfuil fós le cur i gcrích.
- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí*. Tugadh fianaise freisin gur díriodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá ard-chaighdeán ag baint le teagasc agus foghlaim sa scoil seo idtaca le formhór na n-ábhar. Cuirtear na ceachtanna i láthair ar bhonn struchtúrtha agus ar luas oiriúnach, le béim chuí ar ábhar suime agus ar ábaltacht na ndaltaí. Níor mhiste anois dianmhachnamh a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta mar áis teagaisc agus foghlama a

fhorbairt. Tá an t-easnamh seo aitheanta ag daltaí sna ceistneoirí a líonadh: nuair atá an scoil lonnaithe san fhoirgneamh breá úr ar ball beag, tapóidh sin an deis chuige seo.

- Is rí-inmholta an caighdeán Gaeilge atá bainte amach ag formhór na ndaltaí sa scoil seo. Tá foclóir leathan acu; chun a thuilleadh forbartha fós a dhéanamh ar labhairt na Gaeilge, moltar breis béime a chur ar chomhréir na teanga a mhúineadh ar bhonn níos foirmeálta, struchtúrtha ag an leabhéal sinsearach. Léann na daltaí na téacsanna ranga go rí-chruinn agus tugtar faoi deara go bhfuil tuiscint an-sásúil ag a bhformhór acu ar a bhfuil á léamh acu. Aithníonn cuid mhaith de na daltaí foclóir dúshlánach trí úsáid a bhaint as scileanna fonaiciúla, comhthéacs agus briseadh síos focal ina siollaí. D'fhéadfaí líon agus saibhreas na leabhar a mhéadú go háirthe ag an leibhéal sóisearach chun go mbeidh taithí níos leithne ag na daltaí ar chineálacha difriúla téacsanna a léamh. Tá caighdeán sásúil á bhaint amach ag na daltaí sa scríbhneoireacht fheidhmiúil ach moltar líofacht, cruinneas agus cruthaitheacht a chothú a thuilleadh fós. Moltar plean straitéiseach a dhearadh chun an ghné seo a fhorbairt.
- A high standard applies to the teaching and learning of English. Higher-order language activities are nurturing rich learning opportunities. Reading skills in the junior classes are taught with particular expertise, by means of doing good planning for the development of phonology and vocabulary. It is recommended that this work be further connected with real books. A good number of pupils read with fluency and they discuss the reading material with understanding and enjoyment. A good standard applies to the teaching of poetry: poems are taught with creativity and imagination and the pupils are encouraged effectively to undertake their own compositions. The creative writing of the pupils is celebrated by means of displays and publications. A high standard applied to a good portion of the written work observed during the evaluation.
- *Baineann caighdeán ard le teagasc agus foghlaim an Bhéarla. Tá gníomhaíochtaí teanga ard-oird ag cothú deiseanna saibhre foghlama. Múintear scileanna léitheoireachta sna ranganana sóisearacha le cumas ar leith trí phleanáil mhaith a dhéanamh d'fhorbairt na fóineolaíochta agus an fhoclóra. Moltar an obair seo a cheangal a thuilleadh le fíorleabhair. Léann cuid mhaith daltaí le líofacht agus pléann said an t-ábhar léitheoireachta le tuiscint agus sonas. Tá dea-caighdeán ag baint le múineadh na filíochta: múintear dánta le cruthaitheacht agus le samhlaíocht agus is éifeachtach mar a spreagtar daltaí le dul i mbun cumadóireachta. Déantar scríbhneoireacht chruthaitheach na ndaltaí a cheiliúradh trí thaispeantais agus fhoilsiúchán. Bhain caighdeán ard le cuid mhaith den obair scríofa a chonacthas le linn na meastóireachta.*
- Tá caighdeán sásúil Matamaitice á bhaint amach ag mórchuid de na daltaí sa scoil seo. Léiríonn formhór na ndaltaí tuiscint mhaith ar na coincheapa cuí. Déantar cúram breá de théarmaíocht na Matamaitice a theagasc go struchtúrtha. Bíonn plé tairbheach i ngach rang chun tuiscint ar na coincheapa a threisiú. Chun a chinntiú go bhfuil síil ghéar á coinneáil ar ghnóthachtáil na ndaltaí, moltar córas measúnaithe níos cinnte a chur i bhfeidhm agus breis ainilise a dhéanamh ar thorthaí na scrúdaithe caighdeánaithe. Moltar, freisin ábaltacht an uile dhalta a chur san áireamh agus na pleananna oibre gearrthéarmacha á n-ullmhú chun a chinntiú go gcuirtear an obair in oiriúint do dhaltaí ar gach leibhéal cumais.
- Gabhann ord, samhlaíocht, taitneamh agus caighdeán sásúil teagaisc agus gnóthachtála leis an gcur chuige i leith theagasc agus foghlaim na n-amharcealaíona. Bhí samplaí

deasa d'obair na ndaltaí le feiceáil sna taispeántais líonmhara a bhí mórthimpeall na seomraí. Tagann an phleanáil sa ghné seo le hábhar agus le treoirlínte an churaclaim. Dirítear go hinmholta ar scileanna faoi leith a mhúineadh, go háirithe iadsan a bhaineann le tuiscint ar dhath agus ar tharraingt.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá caighdeán na foghlama agus an teagaisc do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith. Leantar clár sistéamach, córasach atá ag freastal ar riachtanais aitheanta na ndaltaí, go háirithe faoi mar a bhaineann sé le forbairt feasachta ar an bhfóineolaíocht. Leis na daltaí sóisearacha, cuirtear béim chuí ar luath-aitheantas sa litearthacht chun deacrachtaí foghlama a sheachaint. Moltar don fhoireann tacaíochta, i gcomhpháirt lena gcomhleacaithe sna ranganna príomhshrutha, na bealaí is éifeachtúla a aithint chun cabhrú leis na daltaí sinsearacha. Maidir le torthaí na ndaltaí sa Mhatamaitic, meastar gur chóir daltaí le riachtanais sa Mhatamaitic a aithint go luath agus aire a dhíriú ar thacaíocht a sholáthar don Mhatamaitic. Rachadh sé chun tairbhe na foghlama dá mbeadh tacaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais mar cheann de na dualgais a bheadh leagtha amach don fhoireann bhainistíochta inscoile

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Gabhannan Bord Bainistíochta, foireann na scoile agus Comhairle na dTuismitheoirí buíochas leis na cigirí as an gcur chuige ghairmiúil a léirigh said agus iad i mbun an M.S.U.

Tugann an tuairisc léargas maith ar an obair atá ar siúl ag geallsealbhóirí uile na scoile agus is cúis bróid dúinn an t-aitheantas a thug na cigirí do láidreachtaí na scoile.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tá an fhoireann tar éis na moltaí a dhéantar sa tuairisc a phlé agus beidh said mar threoir chabhrach againn agus sinn i mbun athbhreithnithe agus pleanála amach anseo.

Agus an scoil lonnaithe san fhoirgneamh nua is cúis áthais duinn go bhfuil a thuilleadh deiseanna ar fáil anois do na daltaí i dtaobh na teicneolaíochta de.